



Comhairle Cathrach
& Contae **Luimnigh**

Limerick City
& County Council

**ACHT NA
DTEANGACHA
OIFIGIÚLA 2003
SCÉIM TEANGA
2019 - 2022**

Clár Ábhair

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra	2
1.1 Reámhrá	2
1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime	2
1.3 Dáta tosaithe na Scéime	2
Caibidil 2: Léargas ginearálta ar Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh	3
2.1 Misean agus Cuspóirí	3
2.2 Príomhfheidhmeanna	4
2.3 Príomhsheirbhísí	5
2.4 Custaiméirí agus Cliaint	6
Caibidil 3: Sonraí ar na seirbhísí atá á soláthar faoi láthair i mBéarla amháin, i nGaeilge nó go dátheangach	7
Caibidil 4: Soláthar Seirbhísí trí Ghaeilge a fheabhsú	9
Caibidil 5: Cumas Teanga a Fheabhsú	12
5.1 Earcú foirne	12
5.2 Oiliúint agus Forbairt	12
5.3 Poist Ainmnithe don Ghaeilge	13
Caibidil 6: Monatóireacht agus Athbhreithniú	13
Caibidil 7: Poibliú na Scéime Comhaontaithe	13

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra

1.1 Réamhrá

Tá foráil in Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 go bhfuil ar chomhlachtaí poiblí scéim teanga a ullmhú ina dtugtar sonraí ar na seirbhísí a sholáthróidh siad:

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na céimeanna atá le glacadh lena chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach bhfuil á soláthar ag an gcomhlacht trí mheán na Gaeilge faoi láthair, a sholáthar laistigh d'achar ama a bhíonn socraithe.

De réir alt 14(3) den Acht, fanann scéimeanna teanga i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí cibé am a bhíonn scéim nua deimhnithe ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, cibé acu is déanaí.

1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime

Seo í an dara scéim teanga ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Tá an Chomhairle faoi threoir an phrionsabail gur chóir go mbeadh soláthar seirbhísí trí Ghaeilge bunaithe ar thosca éagsúla, ar a n-áirítear iad seo a leanas:

- leibhéal an éilimh a bhíonn ar a leithéid de sheirbhísí;
- a thábhachtaí atá cur chuige réamhghníomhach maidir le seirbhísí trí Ghaeilge a chur ar fáil, agus
- acmhainní, ar a n-áirítear acmhainní daonna agus airgeadais, agus cumas na Comhairle forbairt a dhéanamh, nó rochtain a bheith aici ar, na hacmhainní teanga a bheadh riachtanach chun na seirbhísí seo a sholáthar.

Tá an scéim seo ag teacht le prionsabail Seirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí agus lenár gCairt Chustaiméirí. Cuireadh le chéile é d'fhonn a chinntiú go ndéantar gach oibleagáid ábhartha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla a bhaineann le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a chomhlíonadh go hiomlán ar bhonn incriminteach, tríd seo agus scéimeanna eile sa todhchaí.

Aithnítear agus táthar buíoch den am agus den obair a rinne gach duine a raibh baint acu leis an bpróiseas seo.

1.3 Dáta tosaithe na Scéime

Tá an Scéim seo dearbhaithe ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tiocfaidh sí i bhfeidhm ar 01 Feabhra 2019 agus fanfaidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbíonn scéim nua deimhnithe, cibé acu is déanaí.

Caibidil 2: Léargas ginearálta ar Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh

Is í Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an t-údarás atá freagrach as rialtas áitiúil i gCathair Luimnigh agus i gContae Luimnigh. Thosaigh sí ag feidhmiú ar an 1ú Meitheamh 2014. Is cumasc de Chomhairle Cathrach Luimnigh agus Comhairle Contae Luimnigh atá ann faoi fhorálacha Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014.

Tá 40 Ball Tofa ar an gComhairle - 21 Ball i gCeantar Bardasach Luimnigh (ar a n-áirítear Toghlímistéir Áitiúla Chathair Luimnigh Thoir, Cathair Luimnigh Thuaidh agus Cathair Luimnigh Thiar) seisear Ball i gCeantar Bardasach Áth Dara-Ráth Caola, seachtar Ball i gCeantar Bardasach na Ceapaí Móire-Chill Mocheallóg agus seisear Ball i gCeantar Bardasach An Chaisleáin Nua.

De ghnáth bíonn cruinnithe na Comhairle Iomlán ar an gceathrú Luan de gach dara mí, i Seomra na Comhairle ag Tuar an Daill. Bíonn cruinnithe uair sa mhí ag Ceantar Cathrach Luimnigh agus ag na Ceantair Bhardasacha.

Is Coiste de chuid na Comhairle atá sa Ghrúpa Beartais Chorporáidigh (GBC) ar a bhfuil Méara ar Chathair agus ar Chontae Luimnigh agus Cathaoirligh gach Coiste um Beartais Straitéiseacha (CBS). Nascann an GBC obair na CBSanna éagsúla, ag feidhmiú mar chineál comh-aireachta agus soláthraíonn sé fóram mar ar féidir aontú ar pholasaithe a bheadh le cur faoi bhráid na Comhairle Iomlán, a choimeádann an t-údarás maidir le cinntí a dhéanamh. Déanann an GBC monatóireacht freisin ar fheidhmíocht an Údarais Áitiúil agus bíonn príomhról aige maidir le buiséad a ullmhú.

Is é atá i ngach Coiste um Beartais Straitéiseacha ná na Comhairleoirí Tofa agus Ionadaithe Earnála, ag oibriú le chéile i gcineál daonlathais níos rannpháirtí, ag soláthar fócas níos éifeachtaí dá réir sin ar pholasaí maidir le feidhmeanna agus gníomhaíochtaí Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Tacaíonn Stiúrthóir Seirbhísí le gach CBS ina chuid oibre. Cé go gceapann gach CBS polasaí agus go ndéanann siad é sin a fhorbairt, is ag an gComhairle Iomlán a bhíonn an focal deireanach. Tá sé CBS laistigh de Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh:

- Forbairt Bhaile agus Shóisialta
- Taisteal agus Iompar
- Forbairt Gheilleagrach, Fiontar agus Pleanáil
- Seirbhísí Pobail, Fóillíochta agus Éigeandála
- Comhshaol
- Cultúir

Bíonn Feidhmeannas i mbun oibre na Comhairle ó lá go lá, le Príomhfheidhmeannach i gceannas air, agus feidhmíonn sé laistigh de chreat an pholasaí a bhíonn leagtha síos ag na Baill Thofa.

2.1 Misean agus Cuspóirí

Ár bhFís

- Go dtugtar tacaíocht do mhuintir Luimnigh le struchtúr rialtais áitiúil atá gairmiúil, réamhghníomhach agus inrochtana a bhíonn i gcroílár seirbhíse poiblí níos leithne.
- Go dtugtar aitheantas do Luimneach maidir le rannpháirtíocht chuimsitheach a saoránaigh uile i bhforbairt a bpobal.
- Go mbeadh Luimneach ina láthair inmhianaithe le gnó a fhorbairt, do shaibhriú cultúrtha agus do dheiseanna oideachais.
- Go mbeadh Luimneach agus an tIarthar Láir ag iomaíocht le háiteanna eile san Eoraip maidir le gnó, turasóireacht, maireachtáil agus infheistíocht.

Ár Straitéis

- Muintir Luimnigh a chumasú le bheith rannpháirteach i bhforbairt a bpobal, idir uirbeach agus tuaithe.
- Timpeallacht d'fhíorforbairt gheilleagrach agus jabchruthúcháin.
- Eiseamláir nua rialachais áitiúil agus soláthair seirbhíse. |

Ár nAidhm

- Comhairle Cathrach agus Contae a thógáil a aithnítear a bheith uailmhianach do mhuintir Luimnigh
- A bheith rannpháirteach go gníomhach lenár bpobail.
- Oibriú lenár gcomhleacaithe ar fud na hearnála poiblí agus lenár gcomhpháirtithe san earnáil phríobháideach le comh-thiomantas a sholáthar do Luimneach faoi mar atá leagtha síos i gCairt Luimnigh.
- Ár ngeilleagar a fhás agus deiseanna a sholáthar i Luimneach.
- A bheith éifeachtach agus tiomanta seirbhísí a sholáthar a thacóidh le Luimneach nuálach.
- Infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar Luimnigh agus a timpeallacht nádúrtha agus tógtha agus a hoidhreacht uathúil a chosaint.
- Cur chun cinn a dhéanamh ar Luimneach atá comhtháite go sóisialta, atá sláintiúil agus sábháilte.

2.2 Príomhfheidhmeanna

Tá príomhfheidhmeanna Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh á gcur i gcrích faoi láthair faoi roinnt Stiúrtóireachtaí, ar iad seo a leanas iad:

- Forbairt Gheilleagrach
- Forbairt Fhisiciúil
- Forbairt Shóisialta
- Forbairt Tithíochta
- Oibríochtaí Seirbhíse
- Infheistíocht Caipitil
- Seirbhísí Roinnte Náisiúnta agus Réigiúnacha
- Seirbhísí Tacaíochta

2.3 Príomhsheirbhísí

Seirbhísí Rialaithe Forbartha

- Próiseáil ar Iarratais Phleanála
- Struchtúir Neamhúdraithe agus Láithreáin Thréigthe a Rialú
- Pleananna Forbartha a Ullmhú
- Corrthrádail a Rialú

Seirbhísí Forbartha Geilleagrach

- Tacaíocht a Sholáthar do Ghnó
- Margaíocht Luimnigh

Seirbhísí Comhshaoil

- Glantachán Sráide a Bhainistiú
- Rialú Ainmhithe – (Madraí & Capaill)
- Bainistiú Reilige
- Imscrúdú ar Thruailliú agus gníomh formheidhmiúcháin a dhéanamh
- Pleananna maidir le Sábháilteacht Uisce a chur i bhFeidhm
- Bailiú dramhaíola agus saoráidí athchúrsála a bhainistiú
- Cláir Fheasachta Comhshaoil a Bhainistiú

Seirbhísí Cothabhála Bóithre

- Gréasán na mBóithre & na gCosán a chothabháil
- Rialú, bainistiú ar Dhúnadh Bóthair agus Oibreacha Bóthair
- Próiseáil iarratais ar Cheadúnas Oscailte Bóithre

Seirbhísí Tithíochta

- Tithíocht Shóisialta a Sholáthar
- Soláthar agus bainistiú Chóiríochta do Dhaoine gan Dídean
- Cóiríocht do Thaistealaithe a sholáthar agus a bhainistiú
- Scéimeanna Deontais Tithíochta a Riaradh

Seirbhísí Uisce agus Draenála

- Ag obair thar ceann Uisce Éireann
- Córais draenála agus cosaint ar thuilte a sholáthar agus a bhainistiú

Seirbhísí Pobail agus Fóillíochta

- Músaeim, Cartlanna, Dánlanna agus Leabharlanna a bhainistiú agus a oibriú
- Páirceanna, áiteanna súgartha agus spásanna oscailte a sholáthar agus a bhainistiú
- Feachtais spóirt agus corpacmhainne a eagrú
- Tionscadail fhorbartha pobail a eagrú
- Imeachtaí agus paráidí poiblí a bhainistiú

Seirbhísí Éigeandála

- Seirbhísí um Chosc Dóiteaín a Sholáthar
- Seirbhísí Cosanta Sibhialta a Sholáthar
- Móréigeandálaí a Bhainistiú

2.4 Custaiméirí agus Cliant

Bíonn caidreamh ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh le réimse leathan de pháirtithe leasmhara, ar a n-áirítear baill den Rialtas, ionadaithe poiblí eile agus ranna, oifigí agus gníomhaireachtaí údaráis áitiúla eile.

Ina theannta sin, bíonn caidreamh againn le réimse leathan de pháirtithe lasmuigh den tseirbhís phoiblí, ar a n-áirítear grúpaí agus daoine indibhidiúla den phobal a úsáideann ár seirbhísí agus ar spéis leo ár ngníomhaíochtaí.

Caibidil 3: Sonraí ar na seirbhísí atá á soláthar faoi láthair i mBéarla amháin, i nGaeilge nó go dátheangach

Tá sonraí de na seirbhísí agus de na scéimeanna ar leith atá á bhfeidhmiú ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar fáil ar ár suíomh gréasáin www.limerick.ie

Tá sonraí de sheirbhísí Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, atá ar fáil faoi láthair, go dátheangach i nGaeilge agus i mBéarla nó i mBéarla amháin, leagtha amach thíos.

Sa chás nach mbíonn seirbhís ar fáil trí Ghaeilge faoi láthair, déanfar socrúithe le hiarratais a fhreagairt ar a leithéid de sheirbhís nuair is féidir é. Is féidir go mbeadh seirbhís trí Ghaeilge teoranta agus ní féidir a bheith deimhin de i gcás nithe a éilíonn saineolas nó eolas teicniúil.

Ainm na Seirbhíse	I mBéarla Amháin	Dátheangach
Próiseáil ar Iarratais Phleanála Rialú Struchtúr Neamhúdraithe agus Láithreáin Thréigthe Pleananna Forbartha a Ullmhú Corrthrádail a Rialú	√	
Tacaíocht a Sholáthar do Ghnó Margaíocht Luimnigh	√	
Glantachán Sráide a Bhainistiú Ainmhithe a choimeád faoi Smacht (Madraí agus Capaill) Reiligí a Bhainistiú Imscrúdú ar Thruailliú agus gníomh formheidhmiúcháin a dhéanamh Pleananna maidir le Sábháilteacht Uisce a chur i bhFeidhm Bailiú dramhaíola agus saoráidí athchúrsála a bhainistiú Cláir Fheasachta Comhshaoil a Bhainistiú	√	
Gréasán na mBóithre agus na gCosán a chothabháil Rialú, bainistiú Dúnadh Bóthair agus Oibreacha Bóthair Próiseáil iarratais ar Cheadúnas Oscailte Bóithre	√	
Tithíocht Shóisialta a Sholáthar Soláthar agus bainistiú ar Chóiríocht do Dhaoine gan Dídean Soláthar agus bainistiú ar Chóiríocht do Thaistealaithe Scéimeanna Deontais do Thithíocht a reáchtáil	√	

<p>Ag obair thar ceann Uisce Éireann Soláthar agus bainistiú na gcóras draenála agus cosaint ar thuilte a sholáthar</p>	√	
<p>Bainistiú agus oibriú an Mhúsaeim, Cartlanna, Gailearaí Ealaíne agus Leabharlanna Soláthar agus bainistiú ar pháirceanna, áiteanna súgartha agus spásanna oscailte Feachtais spóirt agus corpacmhainne a eagrú Tionscadail fhorbartha pobail a eagrú Imeachtaí agus paráidí poiblí a bhainistiú</p>	√	
<p>Seirbhísí maidir le Cosc Dóiteáin a Sholáthar Seirbhísí Cosanta Sibhialta a Sholáthar, Bainistiú Mhóréigeandálaí</p>	√	

Caibidil 4: Soláthar Seirbhísí trí Ghaeilge a fheabhsú

Is riachtanais éigeantacha iad na forálacha atá scáthaithe le dath liath thíos faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Bealach cumarsáide leis an bpobal		Tiomantas	
Fógraí ó Bhéal Taifeadta		Beidh na fógraí ó bhéal seo a leanas i nGaeilge nó dátheangach:	Éigeantach
		<p>(a) Fógraí ó bhéal taifeadta tugtha ar an teileafón nuair a bhíonn oifigí an chomhlachta poiblí dúnta;</p> <p>(b) Fógraí ó bhéal taifeadta a dheántar a tharchur trí chóras fógartha poiblí;</p> <p>(c) Fógraí ó bhéal taifeadta a dhéantar a chruthú agus a thraschur trí chóras teachtaireachtaí ríomhairithe nó trí chóras ríomhairithe freagartha teileafóin.</p> <p>Baineann an fhoráil seo le fógraí 'taifeadta' seachas le 'fógraí beo'.</p> <p>Nuair a bhíonn Ordú Logainmneacha i bhfeidhm, tá ar an gcomhlacht poiblí an leagan Gaeilge den logainm a úsáid a bhíonn sonraithe san Ordú sin i bhfógraí ó bhéal taifeadta a dhéanann sé féin nó a dhéantar thar a cheann.</p>	
Cumarsáid i Scríbhinn	Litreacha agus Ríomhphost	Freagrófar gach cumarsáid a fhaightear i scríbhinn sa teanga oifigiúil ina bhfaightear í.	Éigeantach
	Stáiseanóireacht	Déantar ceannscríbhinní stáiseanóireachta, ar a n-áirítear páipéar litreach, duillíní deamhéine, bileoga cumhdaigh facs, clúdaigh chomhad agus fillteáin eile, lipéid agus clúdaigh litreach a sholáthar i nGaeilge nó go dátheangach.	Éigeantach
Comharthaíocht	Comharthaíocht	Ní mór gach comharthaíocht a chuireann Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh suas, nó a chuirtear suas thar a ceann, a bheith i nGaeilge nó dátheangach de réir na rialachán (I.R. Uimh. 391/2008).	Éigeantach
Foilseacháin	Foilseacháin	Foilseofar cáipéisí ina leagtar amach moltaí	Éigeantach

		maidir le beartais phoiblí, cuntais iniúchta nó ráitis airgeadais, tuarascálacha bliantúla agus ráitis straitéise go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla.	
	Ciorcláin/ Cor Poist	Nuair a dhéanann comhlacht poiblí cumarsáid i scríbhinn nó trí ríomhphost leis an bpobal nó le haicme den phobal chun críche faisnéise a sholáthar don phobal nó don aicme, déanfaidh an comhlacht deimhin de go mbíonn an chumarsáid i nGaeilge nó i mBéarla agus i nGaeilge.	Éigeantach
An Ghaeltacht	Logainmneacha na Gaeltachta	Déanfaidh an comhlacht poiblí logainmneacha oifigiúla na gceantar Gaeltachta a úsáid de réir na reachtaíochta.	Éigeantach

Tabharfaidh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh freisin faoi na liostaí gníomhaíochtaí seo a leanas faoi gach seirbhís.

Modhanna cumarsáide leis an bpobal	Tiomantas	Amlíne Faoi dheireadh BI 1/ BI 2/BI 3	
Cumarsáid ó Bhéal/i Scríbhinn	Fáiltiú	Beidh bunbheannú i nGaeilge ar eolas ag an bhfoireann fháiltithe. Beannófar do chustaiméirí i nGaeilge ar dtús agus ansin i mBéarla. Beidh ainmneacha na mball foirne atá in ann cumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge ar fáil do ranna éagsúla na Comhairle.	Ann faoi láthair Faoi dheireadh Bliain 1 Faoi dheireadh Bliain 1
	Seirbhísí Aghaidh ar Aghaidh/Cuntair	Beidh bunbheannú i nGaeilge ar eolas ag an bhfoireann. Cuirfear liosta suas chun dáta ar fáil de na baill foirne sin atá in ann seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge.	Ann faoi láthair Faoi dheireadh Bliain 1
	Lasc-chlár	Tabharfar ainm Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i nGaeilge.	Ann faoi láthair
	Cumarsáid leis an bpobal ar an teileafón	Tabharfaidh an Chomhairle treoir don fhoireann ar conas glaonna teileafóin ó Ghaeilgeoirí a láimhseáil. Beannófar do chustaiméirí i nGaeilge ar dtús agus ansin i	Ann faoi láthair

		mBéarla. Tabharfar spreagadh don fhoireann le teachtaireachtaí glórphoist a bheith dátheangach.	Faoi dheireadh Bliain 2
	Fógraí beo	Ní úsáideann an Chomhairle fógraí beo	
	Cuirí Oifigiúla	Eiseofar cuirí chuig ócáidí oifigiúla a bhíonn á n-óstáil ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh go dátheangach nuair is féidir é.	Faoi dheireadh Bliain 2
	Bileoga Eolais/Bróisiúir	Foileofar 25% den fhaisnéis don phobal agus gnáthfhógraí sa dá theanga oifigiúil, lasmuigh de cháipéisí teicniúla, eolaíochta nó a bhfuil saineolas ag baint leo.	Faoi dheireadh Bliain 2
	Foirmeacha Iarratais	Beidh 25% de na foirmeacha iarratais ar fáil sa dá theanga oifigiúil.	Faoi dheireadh Bliain 2
	Comhfhreagras i scríbhinn	Leanfaidh an Chomhairle le freagraí a chur ar chomhfhreagras a fhaightear i nGaeilge. Baineann seo le comhfhreagras r-phoist freisin.	Ann faoi láthair
Na Meáin	Preaseisiúintí	Eiseofar preaseisiúintí a bhaineann leis an nGaeilge go dátheangach ag an am céanna.	Leanúnach
	Urlabhraithe do na Meáin	Déanfaidh an Chomhairle éascú ar iarratais ó na meáin i nGaeilge agus i mBéarla araon.	Ann faoi láthair
	Óráidí	Bíonn 10% d'ábhar óráidí na Comhairle i nGaeilge	Ann faoi láthair
	R-phost	Déanfar seoladh r-phoist ar leith a fhoilsiú d'iarratais i nGaeilge ar ár suíomh gréasáin. Beidh teachtaireachtaí caighdeánacha agus reámhscríofa ar r-phost na Comhairle i nGaeilge agus i mBéarla araon.	Faoi dheireadh Bliain 1 Faoi dheireadh Bliain 3
Teicneolaíocht Faisnéise	Suíomhanna Gréasáin	Beidh an buanábhar ar an leathanach baile ar an suíomh gréasáin ar fáil trí Ghaeilge. Beidh an buanábhar ar aon suíomh gréasáin nua ar fáil go dátheangach.	Faoi dheireadh Bliain 1
	Córais Ríomhaireachta	Cuirfear córas nua ríomhaireachta isteach a bheidh in ann déileáil go hiomlán leis an nGaeilge, nuair is cuí.	Nuair is cuí

Caibidil 5: Cumas sa Ghaeilge a Fheabhsú

5.1 Earcú foirne

Is é earcú foirne le leibhéal inniúlachta iomchuí sa Ghaeilge i ngach réimse oibre ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an príomhbhealach le barrfheabhsú a dheánadh ar an fáil atá ar sheirbhísí trí Ghaeilge. Tógfar ceann inár bpolasaí earcaíochta, atá faoi réir an chreata comhaontaithe maidir le nósanna imeachta don soláthar náisiúnta poiblí, den ghá atá le feabhas a chur ar an gcumas sa Ghaeilge ar bhonn incriminteach.

Tabharfar pacáiste ionduchtúcháin don fhoireann nua uile le cóip dár scéim chomhaontaithe d'fhonn a chinntiú go mbíonn siad ar an eolas maidir lenár dtiomantas faoin reachtaíocht.

5.2 Oiliúint agus Forbairt

Tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh tiomanta deiseanna a chur ar fáil don fhoireann le freastal ar chúrsaí Gaeilge a bhíonn creidiúnaithe go cuí, de réir mar a cheadaíonn acmhainní a leithéid. Cuirfear an fhoireann uile ar an eolas maidir le háiseanna/deiseanna le feabhas a chur ar a n-inniúlacht sa Ghaeilge.

		Tiomantas	Amlíne Faoi dheireadh BI 1/ BI 2/BI 3
Cumas sa Ghaeilge a Fheabhsú	<u>Earcaíocht</u>	Tabharfar pacáiste ionduchtúcháin don fhoireann nua ina mbíonn cóip dár scéim chomhaontaithe.	Leanúnach
	<u>Oiliúint</u>	Le linn saolré na Scéime Gaeilge roimhe seo rinne an Chomhairle éascú ar fhreastal chuid den fhoireann ar chúrsaí Gaeilge ar chaighdeán éagsúla. Mar fhreagra ar an éileamh, leanfar le tuilleadh roghanna maidir le cúrsaí teanga a sholáthar.	Leanúnach
	<u>Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí curtha chun cinn na teanga/Acmhainní a sholáthar</u>	Tá an Chomhairle tiomanta tionscnaimh chultúrtha a chur chun cinn, a thacaíonn le, agus a spreagann úsáid na Gaeilge. Tá 'Ciorcal Gaeilge Thuar an Daill' ag an gComhairle faoi láthair a thagann le chéile uair sa tseachtain.	Leanúnach

5.3 Poist Ainmnithe don Ghaeilge

Agus ceann á thógáil de pholasáí an Rialtais maidir le feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí trí Ghaeilge, aithneoidh an Chomhairle aon phost a mbíonn inniúlacht sa Ghaeilge riachtanach dó. Déanfar gach iarracht na riachtanais seo a chomhlíonadh faoi dheireadh na scéime seo ach ceann á thógáil de pholasaithe earcaíochta, ardaithe céime agus oiliúna, de réir mar is cuí. Cuirfidh seo ar chumas na Comhairle pleanáil a dhéanamh agus tosaíocht a thabhairt d'fheabhsú incriminteach na seirbhísí trí Ghaeilge ar bhealach níos straitéisí.

Caibidil 6: Monatóireacht agus Athbhreithniú

Beidh ar gach Stiúirthóireacht i gComhairle Cathrach agus Contae Luimnigh gealltanais na scéime seo a léiriú ina bPlean Gnó Bliantúil.

Déanfaidh an Rannán Seirbhísí Corparáideacha monatóireacht agus athbhreithniú ar fhorfheidhmiú na scéime ar bhonn rialta. Is í Freda Ryan, ón Rannán Seirbhísí Corparáideacha, Rialachais agus Seirbhísí Custaiméara an teagmhálaí a bheidh ann don scéim seo.

Déanfaidh an Chomhairle monatóireacht ar iarratais ar sheirbhísí trí Ghaeilge a fhaightear tríd a suíomh gréasáin agus tríd an gcóras teileafóin.

Caibidil 7: Poibliú na Scéime Comhaontaithe

Tabharfar poiblíocht don scéim seo go himmheánach agus go seachtrach, trí phreasráiteas ar dtús. Cuirfear leagan dátheangach den scéim ar fáil ar ár suíomh gréasáin féin déanfar é a dháileadh ar an fhoireann uile agus ar ghníomhaireachtaí iomchuí. Is féidir go n-úsáidfid bealaí eile le poiblíocht a thabhairt don scéim ó am go chéile.

Ina theannta sin, glacfar gach deis inár gcomhchaidreamh laethúil le custaiméirí cur chun cinn agus poiblíocht a thabhairt do na seirbhísí a bhíonn á soláthar againn trí Ghaeilge ar na bealaí seo a leanas:

- custaiméirí a chur ar an eolas go díreach, ar bhonn réamhghníomhach, maidir leis an rogha gnó a dhéanamh linn trí Ghaeilge, mar shampla, le fógraí a chur sna háiteanna fáiltithe á thabhairt le fios go bhfuil seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge;
- na seirbhísí sin a bheith liostáilte go feiceálach ar ár suíomh gréasáin;
- a léiriú ar threoirilínte, ar bhileoga agus ar fhoirmeacha iarratais go bhfuil na cáipéisí seo ar fáil i nGaeilge freisin, mura mbíonn siad dátheangach;
- an suntasacht chéanna a bheith ag ábhair i nGaeilge agus i mBéarla.

Cuirfear cóip den scéim a bhíonn comhaontaithe ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.